C/2025/4081

22.7.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 97(4), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle in earnáil an fhíona

(C/2025/4081)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

‘Casauria’

PDO-IT-02972

Dáta an iarratais: 7.7.2023

1. **Ainm le clárú**

Casauria

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód ainmníochta comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Casauria agus Casauria ‘Riserva’

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: dath dorcha an rúibín lena mbaineann imireacha corcra fíneálta, a dtagann imireacha de dhath an ghairnéid orthu le himeacht ama;

Dea-bholaithe: dea-bholaithe torthaí dearga aibí agus spíosraí, diana, casta;

Blas: blas tirim, iomlán, tréan, comhchuí, deas tainneach, is féidir leo a bheith blasta; de réir mar a thagann fhorbairt ar an bhfíon, éiríonn sé níos casta agus níos réidhe;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 13,00 %; leis an téarma ‘Riserva’: 13,50 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 24 ghram in aghaidh an lítir; leis an téarma ‘Riserva’: 26 ghram in aghaidh an lítir.

I gcás inar chaith an fíon tréimhse ama i soithí adhmaid, nó i gcás gur stóráladh iontu é, d’fhéadfadh dea-bholaithe fíneálta adhmaid a bheith air.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Rialacha maidir le fíonsaothrúchán - Dálaí comhshaoil nádúrtha

Cleachtas saothraithe

Ní mór fíonghoirt atá tiomnaithe d'fhíon a tháirgeadh ag a bhfuil an ATFC 'Casauria' a phlandáil i limistéir cnoc nó limistéir ar ardchláir. Ní mór iad a bheith suite ag airde nach mó ná 500 méadar os cionn leibhéal na farraige, ach amháin i gcás fíonghoirt atá gan chosaint ar ghrian an mheán lae, áit arb é 600 méadar an airde uasta. Níl limistéir talún nach bhfaigheann dóthain gréine nó atá i ngleannta níos ísle atá tais oiriúnach.

2. An téarma traidisiúnta faoi chosaint 'Riserva'

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní mór fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Casauria' agus an téarma traidisiúnta 'Riserva' a chur faoi thréimhse aosaithe shainordaitheach 24 mhí ar a laghad. Cuirtear tús leis an tréimhse aosaithe an 1 Samhain den bhliain ina mbuantar na fíonchaora.

3. Aosú sainordaitheach i gcás Casauria

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní mór fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint Casauria a chur faoi thréimhse aosaithe shainordaitheach 18 mí ar a laghad.

4. Dlús plandaithe san fhíonghort

Cleachtas saothraithe

Níor cheart an dlús plandaithe a bheith níos lú ná 3 500 planda in aghaidh an heicteáir, arb iad fíniúnacha an t-aon bharr amháin. Tá eisceacht ann i gcás fíniúnacha a chuirtear, nó a athphlandaítear, le haghaidh treorú ag úsáid stuara crannach, arb é 3 200 planda in aghaidh an heicteáir an dlús íosta ina leith.

5. Céatadán táirgeachta fíonchaor go fíon

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Is é 70 % an uastáirgeacht fíonchaor go fíon.

5.2. *Uastáirgeacht:*

1. Casauria agus Casauria 'Riserva'

63 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Casauria agus Casauria 'Riserva'

9 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cuimsíonn an limistéar táirgeachta le haghaidh an ATFC 'Casauria' críoch riaracháin iomlán na mbardas seo a leanas i gcúige Pescara: Bolognano, Castiglione a Casauria, Cugnoli, Pietranico, Scafa, San Valentino in Abruzzo Citeriore, Torre de' Passeri agus Turrivalignani; agus codanna de chríocha riaracháin na mbardas seo a leanas i gcúige Pescara: Alanno, Bussi sul Tirino, Brittoli, Corvara, Lettomanoppello, Manoppello, Pescosansonesco, Popoli, Serramonacesca agus Tocco da Casauria.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Montepulciano N

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *A) Mionsonraí an limistéir gheografaigh*

1) *Tosca nádúrtha is ábhartha don nasc:*

Tá limistéar geografach an ainmniúcháin Casauria suite i limistéar ina bhfuil dálaí geomoirfeolaíocha, ithreach agus aeráide atá an-éagsúil le dálaí an réigiúin máguaird. Is é is cúis leis sin go háirithe a thír-raon ar leith agus a ghaireacht do mhasaífí sléibhe atá measartha mór.

Áirítear sa limistéar geografach críochaithe stráice cnocach intíre agus bunchnoic chúige Pescara, ag a bhfuil teorainn san iardheisceart le masaíf Maiella, agus san iarthuaisceart le masaíf Gran Sasso. Tá sléibhte Abruzzo mar chuid de raon lárnach agus theas na nAipiníní agus is iad na sléibhte sin an chuid is leithne, is airde agus is dlúithe de na hAipiníní. Déantar saothrú fíniúnacha agus ológ ar fhoirmíochtaí cnocacha atá comhdhéanta de shil-leagain Phléicéineacha-Phléisticéineacha a líon an t-imchuach Pearaidriadach le linn timthriall dríodair muirí idir an Tréimhse Threasach dhéanach agus an Tréimhse Cheathartha luath. Cruthaíonn siad sin teorainn timpeall na dtuilemhánna cré gainmhí a chruthaigh abhainn Pescara. Cruthaíonn na cnoic sin tírdhreach atá droimneach, ina bhfuil tuláin leathana atá nach mór cothrom, agus fánaí atá réidh agus cruinn. Bíonn an leibhéal torthúlachta iomchuí ag an ithir nach mór i gcónaí chun táirgeacht a rialáil. Ina theannta sin, is saintréith den limistéar dáileadh cothrom ábhair as a ndéantar ithreacha ag a bhfuil struchtúr cré gainmhí, ach atá réasúnta clochach, scaoilte go leor go ginearálta, agus de dhoimhneacht éagsúil ag brath ar an ngrádán agus ar an aghaidh.

Saintréith den limistéar geografach sonrach is ea dálaí aeráide ar leith a bhfuil dlúthbhaint acu le forbairt gheolaíoch agus cruth an tírdhreacha. Saintréith de sin is ea cnoic leathana atá gan cosaint ar sholas na gréine agus ar an ngaoth agus láithreacht cheannasach mhasaífí sléibhe Gran Sasso agus Maiella. Cosnaíonn na sléibhte sin an limistéar ó ghaotha fuara aniar agus is iad is cúis leis na difríochtaí suntasacha sa teocht idir an lá agus an oíche.

Saothraítear fíniúnacha ag airdí idir 200 agus 600 méadar os cionn leibhéal na farraige, ar airdí iad a mbaineann grádáin agus aghaidheanna éagsúla leo ag brath ar na fánaí. Ní bhaintear úsáid as an talamh ar urlár tais an ghleanna ná as talamh ag a bhfuil aghaidheanna atá mí-oiriúnach le haghaidh an fhíonsaothrúcháin.

Bíonn an fhrasaíocht iomlán thart ar 800 mm in aghaidh na bliana ar an meán. Is idir mí na Samhna agus mí Eanáir a bhíonn an tréimhse is fliche, níos mó ná 80 mm in aghaidh na míosa, agus is í mí Iúil an mhí ina dtiteann an dearbhlíon is lú báisteach: thart ar 30 go 40 milliméadar.

Tá an aeráid measartha, a mbaineann meánteochtaí bliantúla idir 12 °C i mí Aibreáin agus 16 °C i mí Dheireadh Fómhair léi, ach bíonn sí te agus tur de ghnáth i mí Iúil agus i mí Lúnasa, is idir 24-25 °C a bhíonn na meánteochtaí. Bíonn innéacs teirmeach Winkler, i.e. an mheánteocht ghníomhach sa tréimhse ó mhí Aibreáin go mí Dheireadh Fómhair, ag brath ar na fánaí agus ar an aghaidh, idir 1 800 agus 2 200 lá céime.

8.2. *2) Tosca daonna is ábhartha don nasc*

Tá nasc stairiúil ag an limistéar geografach leis an logainm Casauria a bhuí leis an mainistir Rómhánach galánta atá ann, San Clemente a Casauria, as ar ainmníodh an limistéar. Is é *Chronicon Casauriense* an fhoinse stairiúil is iontaofa ina dtugtar léargas ar an gcaoi ar tháinig an Mhainistir agus a gabháltais chun bheith ina teach órga, 'Casa Aurea' san Iodáilis, mar gheall ar shárthorthúlacht na n-áiteanna laistigh de lúb abhainn Pescara Parthas sólaistí amach agus amach a bhí sa mhainistir, sólaistí lena n-áirítear fíon, mainistir a bhí sách mór le rá le go bhféadfadh sí glacadh le taisí an mhairtírigh Clemente agus iad a chosaint, sin de réir Carlo Tedeschi ina aiste *Insula Piscariae paradisi floridus ortus* san fhoilseachán *Bullettino dell'Istituto Storico Italiano per il Medioevo* in 2019.

Is iad na Palmenti di Pietranico an fhianaise is luaithe dá bhfuil ann de mhórthraidisiún fíonsaothrúcháin limistéar Casauria, ar imchuacha ársa iad a tolladh amach as lomáin charraigeacha ollmhóra atá scaipthe ar fud an limistéir. Bhí an-scil i gceist lena gcruthú, agus is dócha gur de bhunadh Iodálach iad, úsáideadh iad mar imchuacha chun fíon a dhéanamh as na fíonchaora ar an talamh ar ar fásadh iad. Ina dhiaidh sin, le linn na Meánaoiseanna, bhí baint ag saothrú fíniúnacha agus fíonóireacht le hobair gan stad na n-aithreacha Beinidicteacha sna mainistreacha éagsúla sa limistéar, lena n-áirítear Mainistir San Clemente a Casauria réamhluaite, agus Mainistir Santa Maria d'Arabona in Manoppello, ó 1209.

Deir Franco Cercone (1935-2020) i gceann dá scríbhinní iomadúla, 'gan amhras, táimid faoi chomaoin ag teaghlaigh Mazara agus Tabassi a chuir síneadh, ag deireadh 1700, leis an limistéar inar saothraíodh an cineál fíniúna Montepulciano. Is é is cúis leis sin, cé go raibh cuid mhór maoine ag na teaghlaigh sin in Sulmona agus sna limistéir máguaird, bhí súil acu ar na tailte torthúla lasmuigh d'altáin Popoli agus feadh Valle Pescara'.

Tá dálaí aeráide agus saintréithe geolaíocha Val Pescara uachtarach fabhrach go háirithe don fhíonsaothrú. Is iad sin an chúis ar cuireadh ina luí ar uaisle Sulmona cur lena sealúchais sa cheantar. Is dócha gur tógadh cineálacha éagsúla fíniúna, lena n-áirítear Montepulciano, ó Mazara chun iad plandáil in Torre de Passeri. Chomh maith leis sin, is fada atá an cineál fíniúna sonrach Montepulciano N sa limistéar sin lena ngabhann dálaí sonracha, ar ghabháltais bheaga agus mheánmhéide ar ar cuachphrúnáladh na fíniúnacha go minic sa 19ú haois. Ba é an toradh a bhí air sin taithí nach beag ar shaothrú agus ar fhíonóireacht trínar táirgeadh, cé gur saothrú agus fíonóireacht thraidisiúnta a bhí i gceist, fíonta a measadh i gcónaí a bheith ar ardchaighdeán. Léirítear é sin i ndoiciméid dar dáta 1821 a bhaineann le fíonchaora agus fíonta a tháirgtear in Tocco da Casauria a dhíol.

Dá bhrí sin, imríonn tosca daonna ról ríthábhachtach. Le himeacht ama, shainaithin roinnt saothróirí fíniúna tréithchineálacha sonracha atá níos freagrúla do thosca cáilíochta. Úsáideadh iad sin chun ábhar atáirgthe a roghnú. A bhuí le forbairt agus le feabhsú cleachtas fíonsaothrúcháin agus fíoneolaíoch áirithe, ar dlúthchuid agus cuid fhíor-riachtanach den tsonraíocht táirge iad, tá saintréithe suaithinseacha agus gnáth-shaintréithe sna táirgí a fhaightear sa lá atá inniu ann.

Ar na cúiseanna sin, in 2007, d'fhormheas Vivai Rauscedo, príomhphlandlann na hIodáile, clón VCR 456, an bith-thíopa Casauria. Déantar idirdhealú sonrach idir a chumas fíonta a tháirgeadh atá ar na cinn is taitneamhaí, is blasta agus is cumhra i measc na gclón Montepulciano formheasta uile. Roghnaíodh an clón sin as plandaí a bhí go stairiúil oiriúnaithe go foirfe do limistéar Casauria.

Dá bhrí sin, chuir na dálaí táirgthe atá ann faoi láthair ar chumas oibreoirí i limistéar Casauria leas a bhaint as an eolas teoiriciúil agus teicniúil uile chun feabhas a chur ar na próisis táirgthe. Sa ghort, tá eolas ar na fíonghoirt is fearr agus ar na clóin is fearr d'fhíonchaor Montepulciano agus déantar iad a roghnú ann. San fhíonlann, is féidir an teocht choipthe a rialáil go foirfe, rud a fheabhsaíonn cáilíocht an phróisis maothaithe mar chuid den choipeadh. Is príomhchéim í sin chun gnáthphróifíl chéadfach fhíon Casauria a bhaint. Áirithítear leis na teicnící aibithe agus leis an leibhéal rialaithe is féidir a bhaint amach i bhfíonlanna nua-aimseartha an limistéir barántúlacht an táirge agus a fhad saoil iontach.

8.3. *B) Mionsonraí maidir le cáilíocht nó saintréithe an táirge atá inchurtha go bunúsach nó go heisiach i leith na timpeallachta geografaí*

Bíonn dath dian dearg an rúibín ar fhíonta Casauria a tháirgtear ar an mbealach traidisiúnta, lena mbaineann imireacha corcairghorma fíneálta a dtagann dath an ghairnéid orthu de thoradh aosú fada. Is é an gnáth-dhea-bholadh a bhíonn ar fhíonta níos úire torthaí dearga aibí, agus spíosraí, ar dea-bholadh é a bhíonn dian agus casta. Nuair a aibítear an fíon i mbairillí darach, d'fhéadfadh blasanna fíneálta adhmaid a bheith le brath ar na blasanna agus na dea-bholaithe.

Bíonn an blas tirim, deas tainneach agus comhchuí. Le himeacht ama forbraíonn an fíon, agus éiríonn sé níos casta agus níos réidhe.

Is iondúil go mbaineann an phróifíl chéadfach sin leis an tionchar a bhíonn ag miocraeráid an limistéir táirgeachta ar fhíonchaora Montepulciano, cineál a oireann go foirfe do limistéar Casauria.

Ba cheart fíonta Casauria a chur chun boird ag teocht idir 16 agus 18 °C i ngloiní móra chun léiriú uasta chastacht an fhíona a chumasú.

8.4. *C) Tuairisc ar an idirghníomhaíocht chúisíoch idir na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe A agus na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe B.*

Tá nasc idir an meascán de thosca aeráide agus daonna, ar thaobh amháin, leis na dálaí ithreach agus aeráide saothraithe agus cineál láidir fíonsaothraithe [an limistéir], agus ar an taobh eile le forbairt an chultúir fíona atá ag éirí níos sciliúla. Tá na tosca sin ríthábhachtach chun fíonchaora ardcháilíochta a tháirgeadh atá mar bhonn d'fhíonta Casauria ina bhfuil saintréithe suntasacha, sainiúla agus inaitheanta.

Oireann na dálaí ithreach agus aeráide go foirfe d'aibiú déanach Montepulciano, a bhfuil thart ar 2 000 lá céime ag teastáil uaidh chun an staid fheanólach is fearr a bhaint amach. Leis an ngá sin le huaireanta fada gréine, tairbhíonn na fíniúnacha go mór de na difríochtaí móra a bhíonn sa teocht idir lá agus oíche le linn aibiú feanólach. Cruthaíonn na difríochtaí sin na dálaí is fearr chun na comhpháirteanna aramatacha luachmhar a charnadh sna triopaill fíonchaor, rud a fhágann gur féidir le fíonchaora aonair agus a síolta aibiú go hiomlán. Is foinse tainniní iad na síolta atá tábhachtach chun acmhainneacht mhór aosaithe fhíonta Casauria a áirithiú.

Úsáidtear an cineál fíniúna Montepulciano chun fíon Casauria a tháirgeadh i limistéar intíre chúige Pescara, is é sin le rá, limistéar Casauria. Léirítear sa tuairisc thuas go raibh an fhíonchaor sin in ann a hacmhainneacht iomlán a léiriú, agus go bhfuil a saintréithe saintréitheacha nasctha lena dea-bholaithe agus lena blasanna. Sa chomhthéacs sin, éascaíodh sócháin spontáineacha le hinoiriúnaitheacht an chineáil fíniúna don ithir shonrach agus don timpeallacht aeráide shonrach. Mar thoradh orthu sin, tá feidhmeanna moirfeolaíocha agus feanólacha sonracha ann atá úsáideach chun fíonchaora den scoth a tháirgeadh.

Tá dlúthnasc idir cáilíocht agus saintréithe fhíonta Casauria agus na tosca daonna ar a dtugtar tuairisc i gcuid A) 2.

Bhí na céadta blianta de shaothrú fíonchaor agus de tháirgeadh fíona ina saintréith de limistéar táirgeachta fhíonta Casauria riamh.

Le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch nua, tugadh le chéile cáilíochtaí an tírdhreacha agus iarrachtaí an iliomad táirgeoirí. D'éirigh leis na táirgeoirí sin an deis stairiúil a thugtar le feabhsuithe móra ar theicnící táirgthe agus ar eolas eolaíoch, sa ghort agus san fhíonlann araon, a thuiscint, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht na bhfíonta a tháirgtear.

Leis an cultúr na hinbhuanaitheachta fíonghort, bhíothas in ann saothrú fhíonchaor Montepulciano a bharrfheabhsú. Go deimhin, tá cleachtais talmhaíochta dírithe níos mó agus níos mó ar aire a thabhairt d'éiceolaíocht fíonghort, chun tairbhe na hithreach, na bithéagsúlachta, na n-oibreoirí agus, thar aon ní eile, na bhfíonchaor a tháirgtear. Mar thoradh air sin, tá feabhas díreach tagtha ar cháilíocht agus ar shaintréithe orgánaileipteacha fhíon Casauria.

Sa lá atá inniu ann, is féidir le hoibreoirí tairbhiú go mór de na dálaí táirgthe san fhíonlann, ar dálaí iad a bhfuil feabhas mór thagtha orthu. Tá teicneolaíocht agus trealamh ag an tionscal le haghaidh gach céime den fhíonóireacht, agus na fíonchaora den scoth a tháirgtear á n-urramú go hiomlán an tráth céanna.

A bhuí le daoine cumasacha an limistéir agus le hiarrachtaí na dtáirgeoirí, in 2006 d'éirigh leis an logainm Casauria dul ar chomhchiall leis na fíonta a tháirgtear sa limistéar a leagtar amach sa tsonraíocht sin. Is oidhrí iad ar na céadta blianta den stair, ar stair í atá réidh le cur i láthair margadh atá ag iarraidh de réir a chéile níos mó a fháil amach fúithi. Insítear a scéal trí cháilíocht fhíonta Casauria atá, i gcomparáid le fíonta eile a tháirgtear ó Montepulciano i limistéir eile, ina léiriú ar shaintréithe sainiúla a eascraíonn as idirghníomhaíocht chomhchuí ghníomhaíocht an duine agus as na tosca comhshaoil uile i dteannta a chéile.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise**

Maolú ar an táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Maolú ar an táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

De bhun Airteagal 5(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 2019/33, féadfar fíonta ag a bhfuil an ATFC 'Casauria' a dhéanamh agus a aibiú áit ar bith i gcríoch riaracháin na mbardas sa limistéar táirgeachta, agus ar fud chríoch riaracháin chúige Pescara chomh maith, ar choinníoll go léiríonn na hoibreoirí lena mbaineann, roimh dháta foilsithe an chinnidh lena dtugtar cosaint don ainm 'Casauria', go ndearna siad fíonta in 'Casauria' agus gur aibíodh iad in 'Casauria', fo-limistéar a bhí ann cheana den ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Montepulciano d'Abruzzo', ar feadh 2 bhliain fíonsaothraithe ar a laghad, agus go ndéantar na fíonta sin as fíonchaora ó fhíonghoirt arna mbainistiú ag na hoibreoirí céanna sin.

Féadfaidh na bardais seo a leanas de chúige Pescara nach n-áirítear sa tsonraíocht in Airteagal 3 (Limistéar táirgeachta fíonchaor) oibríochtaí a dhéanamh a bhaineann le táirgeadh:

— Abbateggio

— Cappelle sul Tavo

— Caramanico Terme

— Carpineto della Nora

— Catignano

— Cepagatti

— Città Sant'Angelo

— Civitaquana

— Civitella Casanova

— Collecorvino

— Elice

— Farindola

— Loreto Aprutino

— Montebello di Bertona

— Montesilvano

— Moscufo

— Nocciano

— Penne

— Pescara

— Pianella

— Picciano

— Roccamorice

— Rosciano

— Salle

— Sant'Eufemia a Majella

— Spoltore

— Vicoli

— Villa Celiera

Buidéalú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Buidéalú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Chun cáilíocht agus cáil na bhfíonta a chaomhnú, chun a dtionscnamh a ráthú agus chun éifeachtacht na rialuithe a áirithiú tríd an rialú ar a saintréithe agus ar a gcáilíocht ar leith a neartú, tá beart cosanta ann le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh a théann chun tairbhe na n-oibreoirí uile lena mbaineann: ní mór buidéalú a dhéanamh laistigh den limistéar céanna ina ndéantar fíonóireacht agus aibiú i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

Comh maith leis sin, is féidir le hiompar agus buidéalú lasmuigh den limistéar táirgeachta cur isteach ar cháilíocht fhíon Casauria, ós rud é go bhfágtar é gan chosaint ar imoibrithe ocsaídiúcháin agus dí-ocsaídiúcháin, athruithe tobanna ar theocht agus éilliú micribhitheolaíoch. Is féidir leis sin tionchair dhiúltacha a imirt ar shaintréithe fisiceacha agus ceimiceacha amhail aigéadacht iomlán íosta nó eastóscán íosta saor ó shiúcra agus ar shaintréithe orgánaileipteacha amhail dath, dea-bholadh agus blas.

Méadaíonn na rioscaí sin de réir mar a théitear thar achar níos faide. Os a choinne sin, áirithítear le buidéalú sa limistéar tionscnaimh go bhfanann na baisceanna fíona san áit ina bhfuil siad nó go ndéantar a laghad gluaiseachta agus is féidir, a fhágann gur féidir saintréithe agus cáilíochtaí an táirge a chaomhnú. Ciallaíonn na gnéithe sin, atá nasctha le taithí agus le heolas teicniúil agus eolaíoch fairsing ar na fíonta atá forbartha ag déantóirí fíona ATFC Casauria in imeacht na mblianta, go ndéantar buidéalú sa limistéar tionscnaimh, trí úsáid a bhaint as na teicnící is fearr atá ceaptha chun na saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha uile a leagtar síos sa tsonraíocht táirge le haghaidh na bhfíonta sin a chaomhnú. Go deimhin, is féidir le saoráidí buidéalaithe lasmuigh den limistéar táirgeachta na coinníollacha pacáistithe teicneolaíocha céanna a sholáthar. Mar sin féin, is cinnte go gcomhlíonfar na coinníollacha is fearr thuasluaite ar bhealach níos éifeachtaí má dhéanann gnóthais atá bunaithe sa limistéar táirgeachta an buidéalú. Tá leas díreach ag gnóthais den sórt sin, chomh maith le tuiscint dhomhain a bheith acu ar cháilíochtaí sonracha an fhíona sin, i leibhéal cáilíochta, íomhá agus cáil an ainmniúcháin tionscnaimh a chaomhnú. I gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais Eorpaigh, beartaítear an buidéalú a dhéanamh sa limistéar táirgeachta ionas gur éifeachtaí, gur éifeachtúla agus gur tíosaí ar fad a bheidh an comhlacht inniúil in ann faireachán a dhéanamh. Ní féidir na ceanglais sin a áirithiú an oiread céanna lasmuigh den limistéar táirgeachta. An comhlacht rialúcháin a dhéanann an tseiceáil bhliantúil ar chomhlíonadh fhorálacha na sonraíochta, is féidir leis na cuairteanna cigireachta ar na gnóthais uile a bhfuil baint acu leis an limistéar táirgeachta a sceidealú go han-tapa tráth a dhéantar fíon Casauria a bhuidéalú, i gcomhréir leis an bplean cigireachta faoi seach. Is é an sprioc a áirithiú go córasach nach féidir coinsíneachtaí fíona Casauria a bhuidéalú ach amháin tar éis a bheith deimhnithe gur éirigh leis sna tástálacha fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha a rinne an comhlacht iniúchta. Fágann sin gur féidir torthaí níos fearr a bhaint amach i dtéarmaí éifeachtúlacht na seiceálacha, ar chostas teoranta do na táirgeoirí, chun na ráthaíochtaí uasta maidir le barántúlacht an fhíona a thairiscint do thomhaltóirí.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/19827